

STAIR AGUS STRUCHTÚR CHÓRAS OIDEACHAIS NA HÉIREANN

PÁIPÉIR SAMPLACHA

Fad ama na trialach: 2 uair an chloig

NÓTA TÁBHACHTACH:

Beidh 30 nóiméad d'am lánroghnach sa bhreis ar fáil freisin do na hiarrthóirí uile mar go bhfuil an triail á rith ar líne.

Caithfidh na hiarrthóirí **DHÁ** ceist a fhreagairt
Ceist amháin as Roinn A **agus** ceist amháin as Roinn B

Cuid A – Freagair ceist (1) nó (2)

(1) Dúirt John Marcus O'Sullivan sa bhliain 1928 go raibh córas oideachais na hÉireann ina mheascán d'iarracht dheonach agus tacaíocht stáit. An dtugann an trácht seo cuntas cuí ar fhorbairt stairiúil **rialachais** agus **bhainistíochta** iar-bhunscoileanna in Éirinn ón mbliain 1922 i leith?

NÓ

(2) Ó thús na 1960í, thug rialtais éagsúla tionscnaimh shuntasacha nua isteach san oideachas dara leibhéal. Déan measúnú ar fhorbairt dhá leasú **struchtúracha nó bheartais ar bith** san iar-bhunoideachas in Éirinn a tugadh isteach le linn na 1960í nó ina dhiaidh. Aithnigh go soiléir an dá leasú a roghnaíodh. Cuir in iúl an tionchar a bhí ag an dá ghné roghnaithe ar an iar-bhunoideachas in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Cuid B – Freagair ceist (1) nó (2)

(1) Dúirt W.T. Cosgrave i gclár nua iar-bhunscoile sa bhliain 1925 go bhfuil doichte curtha in ionad na sairse. Cé chomh bailí agus atá dearbhú Cosgrave nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar fhorbairt an **churaclaim** ag an iar-bhunleibhéal ón mbliain 1922 i leith?

NÓ

(2) “Ón mbliain 1922, tá tionchar ollmhór ag na scrúduithe poiblí ar oideachas dara leibhéal.” (Coolahan). Déan measúnú criticiúil ar cheannas stairiúil an **mheasúnaithe** shuimithigh ag an leibhéal iar-bhunscoile in Éirinn agus déan machnamh ar an gcaoi ar tháinig éagsúlacht sna cleachtais mheasúnaithe sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach mar gheall ar leasuithe a rinneadh le déanaí.



Fad ama na trialach: 2 uair an chloig

NÓTA TÁBHACHTACH:

Beidh 30 nóiméad d'am lánroghnach sa bhreis ar fáil freisin do na hiarrthóirí uile mar go bhfuil an triail á rith ar líne.

Caithfidh na hiarrthóirí **DHÁ** ceist a fhreagairt
Ceist amháin as Roinn A **agus** ceist amháin as Roinn B

Cuid A – Freagair ceist (1) nó (2)

(1) “Sa chóras oideachais ... bhí an lámh in uachtar ag leasanna príobháideacha, ag an Eaglais Chaitliceach agus an Eaglais Phrotastúnach go mór mór, fad is nach raibh mórán á dhéanamh ag an stát chun cur chuige beartais nua a fhorbairt.” (Walsh). Cé chomh fíor agus a bhí an ráiteas seo faoi chóras iar-bhunoideachais na hÉireann le linn na tréimhse 1922 go 1959?

NÓ

(2) Deirtear faoi Patrick Hillery (Aire Oideachais idir 1959 agus 1966) gur “athraigh sé cúrsaí oideachais in Éirinn ó bhonn nuair a ghlac sé le comhairle oifigiúil agus gur lig sé do chóras oideachais na hÉireann dul faoi ghrinnscrúdú ag an ECFE [an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta] agus teacht faoi thionchar idirnáisiúnta” (McManus). Luaigh aon dá cheann de na bunathruithe suntasacha a tháinig **ar chóras bainistíochta agus ar struchtúr** an iar-bhunoideachais in Éirinn le linn nó tar éis na 1960idí. Déan na bunathruithe seo a aithint go soiléir. Tabhair cuntas ar na bealaí ina bhfuil a lorg fágtha acu ar an iar-bhunoideachas in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Cuid B – Freagair ceist (1) nó (2)

(1) “Is beag aird a thabharfaidh saol an lae inniu agus saol an lae amárach ar dhaoine gan oideachas agus ar dhaoine ar bheagán oideachais.” (Donncha O'Malley, Aire Oideachais, 1966). Breithnigh go géar na hathruithe móra **curaclaim** a tugadh isteach ag an leibhéal iarbhunscoile ó 1966 i leith agus iarracht ar bun chun an t-easnamh seo a leigheas. Is féidir leat do fhreagra a léiriú go páirteach le roinnt tagairtí d'ábhar nó d'ábhair ar leith.

NÓ

(2) Déan measúnú criticiúil ar conas mar a bhíodh scrúduithe deiridh i réim go stairiúil ag an leibhéal iarbhunscoile in Éirinn agus pléigh an bealach ar chuir leasuithe a rinneadh le déanaí leis an éagsúlacht sna cleachtais mheasúnaithe sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach.



Fad ama na trialach: 2 uair an chloig

NÓTA TÁBHACHTACH:

Beidh 30 nóiméad d'am lánroghnach sa bhreis ar fáil freisin do na hiarrthóirí uile mar go bhfuil an triail á rith ar líne.

Caithfidh na hiarrthóirí **DHÁ** ceist a fhreagairt
Ceist amháin as Roinn A **agus** ceist amháin as Roinn B

Cuid A – Freagair ceist (1) nó (2)

(1) In 1961, dúirt Sean MacGearailt, státseirbhíseach, go raibh “bord neamhspleách idirnáisiúnta” ar nós an ECFE “ag teastáil chun an cás ar son athbhunú oideachas na hÉireann a dhearbú”. Déan measúnú ar fhorbairt dhá **leasú struchtúracha nó beartais** ar bith san iar-bhunoideachas in Éirinn a tugadh isteach le linn na 1960idí nó ina dhiaidh sin. Aithnigh go soiléir an dá leasú a roghnaigh tú. Cuir in iúl an chaoi a ndeachaigh na leasuithe sin i bhfeidhm ar oideachas iar-bhunscoile an lae inniu.

NÓ

(2) “Tá sé iontach an chumhacht atá agat san oideachas a fheiceáil. Tá Rannóg na Roinne Oideachais i gcroí do bhoise” (Saineolaí Sasanach, ag déanamh trácht ar neamhspleáchas meánscoileanna deonacha na hÉireann, 1949). Roghnaigh dhá athrú thábhachtacha ar bith a tharla i **mbainistíocht agus i rialachas** iar-bhunoideachais na hÉireann tar éis 1950. Déan a dtionchar ar oideachas iar-bhunscoile an lae inniu a mheas.

Cuid B – Freagair ceist (1) nó (2)

(1) Rinne W.T. Cosgrave trácht ar chlár nua iar-bhunscoile in 1925: “Tá cláir atá go hiomlán nua-aimseartha agus solúbtha curtha in ionad na seanchlár a bhí cúng agus foirmiúil”. Cé chomh bailí agus atá an dearbhú sin nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar fhorbairt an **churaclaim** ag an iar-bhunleibhéal ón mbliain 1922 i leith? Is féidir leat do fhreagra a léiriú go páirteach le roinnt tagairtí d’ábhar nó d’ábhair ar leith.

NÓ

(2) Tabhair míniú ar cheannas **scrúduithe** deireanacha ag leibhéal iar-bhunscoile in Éirinn. Cuir in iúl an chaoi a bhfuil straitéisí **measúnaithe** ag an tSraith Shóisearach agus ag an tSraith Shinsearach tar éis éagsúlú i gcleachtais mheasúnaithe a sholáthar.



Fad ama na trialach: 2 uair an chloig

NÓTA TÁBHACHTACH:

Beidh 30 nóiméad d'am lánroghnach sa bhreis ar fáil freisin do na hiarrthóirí uile mar go bhfuil an triail á rith ar líne.

Caithfidh na hiarrthóirí **DHÁ** ceist a fhreagairt
Ceist amháin as Roinn A **agus** ceist amháin as Roinn B

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) Rinne John Marcus O'Sullivan cur síos ar chóras oideachais na hÉireann in 1928 mar "meascán de chomhoibriú, d'iarracht dheonach agus de thacaíocht ón stát". Cé mhéad den ráiteas seo a mhíníonn forbairt stairiúil ar **rialachas** agus ar bhainistíocht na n-iarbhunscoileanna in Éirinn ó 1922 ar aghaidh? Léirigh i do fhreagra conas a bhí tionchar ag na forbairtí seo ar oideachas iarbhunscoile ar bhealach suntasach sa lá atá inniu ann.

NÓ

- (2) Rinne Pádraig Ó hIghile (Patrick Hillery) "oideachas na hÉireann a athrú ó bhonn nuair a ghlac sé le comhairle oifigiúil agus nuair a nocht sé an córas oideachais do ghrinnscrúdú an ECFE agus do thionchar idirnáisiúnta" (McManus). Déan measúnú ar an bhforbairt ar dhá cheann ar bith de na **leasuithe struchtúrtha nó polasaí** in oideachas iarbhunscoile na hÉireann a tugadh isteach le linn na 1960idí nó ina ndiaidh. Luaigh go soiléir an dá leasú roghnaithe. Léirigh conas a d'imir an dá leasú tionchar ar an oideachas iarbhunscoile in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Roinn B – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) Rinne W.T. Cosgrave ar an gclár nua meánscoile in 1925: "In áit na doichte, tá an tsaoirse ann. Tháinig cláir atá go hiomlán nua-aimseartha agus solúbtha in áit na seanchlár a bhí cúng agus foirmiúil". Cé chomh bailí agus atá dearbhú Cosgrave nuair a chuirtear é i gcomhthéacs fhorbairt an **churaclaim** ag an leibhéal iarbhunscoile ó 1922 ar aghaidh?

NÓ

- (2) Príomhghné den oideachas iarbhunscoile in Éirinn is ea an **measúnú**. Déan léirmheas ar cheannasacht stairiúil na scrúduithe suimitheacha ag an leibhéal iarbhunscoile in Éirinn, agus pléigh conas a chuir leasuithe a rinneadh le déanaí leis na cleachtais mheasúnachta a leathnú sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach araon.



Fad ama na trialach: 2 uair an chloig

NÓTA TÁBHACHTACH:

Beidh 30 nóiméad d'am lánroghnach sa bhreis ar fáil freisin do na hiarrthóirí uile mar go bhfuil an triail á rith ar líne.

Caithfidh na hiarrthóirí **DHÁ** ceist a fhreagairt
Ceist amháin as Roinn A **agus** ceist amháin as Roinn B

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) “In 1959, d’fhógair Seán Lemass, a bhí ina Thaoiseach ag an am, gur pholasáí láithreach den rialtas ba ea cur leis na háiseanna don oideachas iar-bhunscoile” (Coolahan). Déan plé go tomhaiste ar fhorbairt stairiúil an Stáit i **rialachas agus bainistíocht** na n-iar-bhunscoileanna agus pléigh conas a raibh tionchar ag na forbairtí seo ar an oideachas iar-bhunscoile ar bhealach suntasach sa lá atá inniu ann.

NÓ

- (2) “I gcomparáid leis na blianta roimhe sin, sa tréimhse (ó 1960) ... chonacthas méadú ollmhór i spéis an rialtais agus an phobail i gcúrsaí oideachais.” Déan measúnú ar an bhforbairt stairiúil d’aon **dhá leasú polasaí** san oideachas iar-bhunscoile ó 1960 agus déan plé ar conas a raibh tionchar ag an dá leasú seo ar an oideachas iar-bhunscoile in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Roinn B – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) “Ó 1922, d’imir na scrúduithe poiblí tionchar ollmhór ar an oideachas dar leibhéal.” (Coolahan). Déan anailís go tomhaiste ar cé chomh mór agus atá na **scrúduithe** suimitheacha i réim go stairiúil san oideachas iar-bhunscoile agus déan plé ar conas a bhí ionchur ag leasuithe measúnachta nua-aimseartha (an tSraith Shóisearach san áireamh) in éagsúlú sna cleachtais mheasúnachta.

NÓ

- (2) Rinne W.T. Cosgrave ráiteas ar chlár meánscoile nua in 1925: “In áit na doichte, tá an tsaoirse ann. Tháinig cláir atá go hiomlán nua-aimseartha agus solúbtha in áit na seanchlár a bhí cúng agus foirmiúil”. Cé chomh bailí agus atá dearbhú Cosgrave nuair a chuirtear é i gcomhthéacs fhorbairt an **churaclaim** ag an leibhéal iarbhunscoile ó 1922 ar aghaidh?



Fad ama na trialach: 2 uair an chloig

NÓTA TÁBHACHTACH:

Beidh 30 nóiméad d'am lánroghnach sa bhreis ar fáil freisin do na hiarrthóirí uile mar go bhfuil an triail á rith ar líne.

Caithfidh na hiarrthóirí **DHÁ** ceist a fhreagairt
Ceist amháin as Roinn A **agus** ceist amháin as Roinn B

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

(1) Dúirt Risteard Ó Maolchatha, Aire Oideachais, in 1956 gurbh é an ról a bhí aige féin “*that of a dungaree man, the plumber who will ... streamline the forces and potentialities of the educational workers and educational management.*” [ról duine i ndungaraithe, ról pluiméara a dhéanfaidh ... fórsaí agus mianach na n-oibríthe oideachais agus na bainistíochta oideachais a chuíchóiriú]. Scrúdaigh go criticiúil mar a mhéadaigh, go stairiúil, ar bhaint an Stáit le **rialachas agus bainistiú** na scoileanna iar-bhunoideachais agus pléigh tionchar suntasach na n-athruithe sin ar an iar-bhunoideachas sa lá inniu.

(2) Dúirt Seán Mac Gearailt, státseirbhíseach, in 1961, gur “bord neamhspleách idirnáisiúnta” amhail an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD), a bhí “ag teastáil chun an cás a dhearbhu ar son an córas oideachais in Éirinn a athchóiriú”. Déan meastóireacht, ó thaobh staire de, ar an bhforbairt ar aon dá athchóiriú **struchtúir nó polasaí** a tugadh isteach le linn na 1960idí nó ina ndiaidh. Sonraigh go soiléir gach réimse atá roghnaithe agat. Tabhair tuairim maidir leis an gcaoi a ndeachaigh an dá athchóiriú a roghnaigh tú i bhfeidhm ar an iar-bhunoideachas in Éirinn sa lá inniu.

Roinn B – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

(1) “*The world of today and tomorrow will give scant attention to the uneducated and those lacking education.*” [Is ar éigin a thabharfar ceann, i saol an lae inniu agus sna blianta romhainn, orthu siúd a bheidh gan foghlaim agus gan oideachas.] (Donncha Ó Máille, Aire Oideachais, 1966). Déan meastóireacht chriticiúil ar na mórathruithe **curaclaim** ar leibhéal an iar-bhunoideachais a tugadh isteach ó 1922 i leith a d’fhéach le deireadh a chur leis an easnamh sin. Déan measúnú ar thionchar na n-athruithe sin ar an iar-bhunoideachas in Éirinn sa lá inniu.

(2) Tá an **measúnú** ina phríomhghné den iar-bhunoideachas in Éirinn. Déan measúnú criticiúil ar cheannasacht na scrúduithe suimitheacha, go stairiúil, ag leibhéal an iar-bhunoideachais in Éirinn. Pléigh mar a chuidigh athchóirithe a rinneadh le déanaí chun na cleachtais mheasúnaithe a leathnú, ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí, araon.

Fad ama na trialach: 2 uair an chloig

NÓTA TÁBHACHTACH:

Beidh 30 nóiméad breise d'am lánroghnach ar fáil le haghaidh na n-iarrthóirí uile de bharr go bhfuil an trialach á réachtáil ar líne.

Ní mór d'iarrthóirí DHÁ ceist a fhreagairt
Ceist amháin as Roinn A agus ceist amháin as Roinn B

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) Rinne John Marcus O'Sullivan, an tAire Oideachais idir 1926 agus 1932, cur síos ar chóras oideachais na hÉireann mar “meascán de chomhoibriú, d'iarrachtaí deonacha agus de thacaíocht ón Stát”. Cá mhéad de mhíniú a thugann an ráiteas seo ar an teannas atá le feiceáil i bhforbairt stairiúil rialachas agus bhainistíocht iar-bhunscoileanna in Éirinn ó 1922 i leith? Luaigh i do fhreagra conas a bhí tionchar ag na forbairtí seo ar an iar-bhunoideachas ar bhealach suntasach sa lá atá inniu ann.

NÓ

- (2) Dúirt Seán Mac Gearailt, státseirbhíseach, in 2961 go raibh “bord neamhspleách idirnáisiúnta” ar nós an ECFE “riachtanach leis an gcás a dheimhniú le leasuithe a dhéanamh in oideachas na hÉireann”. Déan meastóireacht ar an bhforbairt stairiúil ar aon cheann de dhá leasú struchtúracha nó polasaí in iar-bhunoideachas na hÉireann le linn nó i ndiaidh na 1960idí. Luaigh go soiléir gach ceann den dá réimse atá roghnaithe agat. Tabhair le fios conas a bhí tionchar ag an dá leasú roghnaithe ar an iar-bhunoideachas in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Roinn B – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) Rinne W.T. Cosgrave trácht ar chlár nua dara leibhéal in 1925: “In áit dolúbthachta tá saoirse. Tá cláir atá go hiomlán nua-aimseartha agus solúbtha tagtha in ionad na seanchlár a bhí cúng agus foirmiúil”. Cé chomh bailí agus atá ráiteas Cosgrave nuair a chuirtear é i gcomhthéacs fhorbairt stairiúil an churaclaim ag an leibhéal iar-bhunscoile ó 1922 i leith?

NÓ

Déan anailís chriticiúil ar a mhéad agus atá scrúduithe suimitheacha i réim go stairiúil in iar-bhunoideachas ó 1922 i leith, agus pléigh conas atá éagsúlú tar éis tarlú sna cleachtais mheasúnachta mar thoradh ar athmheasúnú ar straitéisí



Fad ama na trialach: 2 uair an chloig

NÓTA TÁBHACHTACH:

Beidh 30 nóiméad d'am lánroghnach sa bhreis ar fáil freisin do na hiarrthóirí uile mar go bhfuil an triail á rith ar líne.

Caithfidh na hiarrthóirí **DHÁ** ceist a fhreagairt
Ceist amháin as Roinn A **agus** ceist amháin as Roinn B

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

(1) Ar an 29 Deireadh Fómhair 1981, dúirt an tAire Oideachais, John Boland, an méid seo a leanas:

Déanfar athchóiriú ar an gCóras Scrúdaithe atá ann faoi láthair leis an mbrú a laghdú a bhíonn ar scoláirí de bharr an Scrúdaithe Ardteistiméireachta. Tá an córas pointí atá ann faoi láthair le háit a bhaint amach in ollscoil ag cur an oideachais dara leibhéal as a riocht, cé go bhfuil sé cóir agus neamhchlaonta, agus tá éifeacht dhiúltach oideachasúil aige ar churaclaim na scoile dá bharr.

Díospóireacht Sheanad Éireann Imleabhar 96 Uimh.5

Cé mhéad a baineadh amach nuair a rinneadh athchóiriú ar Scrúdú na hArdteistiméireachta? Ba chóir duit na buntáistí agus na míbhuntáistí, dar leat, a bhaineann leis an gcóras reatha maidir le measúnú ag leibhéal na hArdteistiméireachta a leagan amach i do fhreagra. Más mian leat, is féidir leat díriú ar cheann amháin nó dhá cheann de d'ábhair teagaisc féin.

NÓ

(2) Déan breithmheas criticiúil ar láidreachtaí agus laigí an churaclaim iar-bhunscoile in 1922 agus déan meastóireacht ar na hiarrachtaí éagsúla a rinneadh chun an curaclam iar-bhunscoile a athchóiriú ó (a) 1922-1970 nó ó (b) 1970 – an lá atá inniu ann. Más mian leat, is féidir leat díriú ar cheann amháin nó dhá cheann de d'ábhair teagaisc féin.

Roinn B – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

(1) San Acht Oideachais (1998), tugtar bunús reachtúil don chóras oideachais ina iomláine agus leagtar amach na cearta atá ag gach duine, agus na cúraimí atá orthu, a bhfuil baint acu i gcúrsaí oideachais: tuismitheoirí, príomhoidí, múinteoirí, an chigireacht, srl.

Sainaithin **dhá cheann ar bith** de na páirtithe leasmhara atá luaite san Acht Oideachais, agus déan plé go criticiúil ar na cearta agus cúraimí san Acht atá leagtha amach dóibh seo.

NÓ

(2) Déan breithmheas criticiúil ar an bhfáth ar ceapadh go raibh *An tAthbhreithniú ar Oideachas na hÉireann* (1991) den ECFE (An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta) chomh tábhachtach sin nuair a rinneadh athchóiriú ar oideachas na hÉireann ina dhiaidh sin. I do fhreagra, ba chóir duit breac-chuntas a thabhairt agus meastóireacht a dhéanamh ar cad iad na hathchóirithe tábhachtacha a mheasann tú a tháinig chun cinn mar thoradh ar an tuarascáil seo a fhoilsiú.



Fad ama na trialach: 2 uair an chloig

NÓTA TÁBHACHTACH:

Beidh 30 nóiméad d'am lánroghnach sa bhreis ar fáil freisin do na hiarrthóirí uile mar go bhfuil an triail á rith ar líne.

Caithfidh na hiarrthóirí **DHÁ** ceist a fhreagairt
Ceist amháin as Roinn A **agus** ceist amháin as Roinn B

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

(1) “Glacann an Roinn an méid is lú freagrachta agus is féidir as na meánscoileanna. Cosnaíonn an Eaglais a cuid leasa féin, ar an gcéad dul síos, agus cuireann sí oideachas beagnach saor in aisce, de chineál ar leith, ar fáil do líon mór daoine.” (O’Meara). Déan plé ar na leasuithe suntasacha i **rialachas agus bainistíocht** iar-bhunscoileanna na hÉireann a cuireadh i bhfeidhm ó rinneadh an ráiteas seo in 1958.

NÓ

(2) Sa “Dara Clár um Fhorleathnú Eacnamaíoch” (1963) aithníodh go raibh an forleathnú oideachais mar phríomthosaíocht náisiúnta. Déan meastóireacht ar an bhforbairt ar aon cheann de dhá **leasú polasaí** in iar-bhunoideachas na hÉireann a tugadh isteach le linn nó i ndiaidh na 1960idí. Luaigh go soiléir gach ceann den dá théama atá roghnaithe agat. Tabhair le fios conas a bhí tionchar suntasach ag an dá leasú atá roghnaithe agat ar an iar-bhunoideachas in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Roinn B – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

(1) “I ndomhan an lae inniu agus sa todhchaí is beag aird a thabharfar orthu siúd gan oideachas agus orthu siúd a bhfuil easpa oideachais orthu.” (Donncha Ó Máille (Donogh O’Malley), An tAire Oideachais, 1966). Déan plé go criticiúil ar na hathruithe móra **curaclaim** a tharla ag an leibhéal iar-bhunscoile ó 1922 ar aghaidh. Déan measúnú ar an tionchar a bhí acu ar an iar-bhunoideachas in Éirinn sa lá atá inniu ann.

NÓ

(2) Déan anailís chriticiúil ar an méid a bhí **scrúduithe suimitheacha** i réim go stairiúil san iar-bhunoideachas in Éirinn. Déan plé ar conas a chuir leasuithe a rinneadh le déanaí le héagsúlú sna cleachtais mheasúnaithe sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach.



Fad na trialach: 2 uair an chloig

Caithfidh na hiarrthóirí **DHÁ** cheist a fhreagairt.
Ceist amháin as Roinn A **agus** ceist amháin as Roinn B (páipéar dhá uair an chloig)

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) Déan an fhorbairt stairiúil a mheas i gcás aon **dhá** leasú struchtúrtha nó polasaí a rinneadh ar iar-bhunoideachas na hÉireann, agus pléigh tionchar an dá leasú sin ar an iar-bhunoideachas in Éirinn sa lá inniu.

NÓ

- (2) Déan léirmheas ar fhorbairt stairiúil rialachas agus bhainistíocht na nIar-Bhunscoileanna in Éirinn, agus pléigh tionchar na bhforbairtí sin ar an iar-bhunoideachas sa lá inniu.

Roinn B – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) Tá an measúnú ar cheann de phríomhghnéithe an iar-bhunoideachais in Éirinn, agus is scrúduithe is mó a úsáidtear don mheasúnú. Déan plé criticiúil ar fhorbairt stairiúil an mheasúnaithe ag leibhéal an iar-bhunoideachais in Éirinn.

NÓ

- (2) Déan anailís ar an Teastas Sóisearach mar mhóraithrú curaclaim i gcás an iar-bhunoideachais in Éirinn.



Fad na trialach: 2 uair an chloig

NÓTA TÁBHACHTACH:

Beidh de rogha ag na hiarrthóirí ar fad 30 nóiméad breise a ghlacadh, mar gur triail ar líne í.

Caithfidh na hiarrthóirí DHÁ ceist a fhreagairt
Ceist amháin as Roinn A agus ceist amháin as Roinn B

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) Déan an fhorbairt stairiúil a mheas i gcás aon **dá** leasú struchtúrtha nó polasaí a rinneadh ar iar-bhunoideachas na hÉireann, agus pléigh tionchar an dá leasú sin ar an iar-bhunoideachas in Éirinn sa lá inniu.

NÓ

- (2) Déan measúnú criticiúil ar an bhforbairt stairiúil ar rialachas agus bhainistíocht iar-bhunscoileanna na hÉireann, agus pléigh an tionchar suntasach a bhí ag na forbairtí sin ar an iar-bhunoideachas sa lá inniu.

Roinn B – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) Déan anailís chriticiúil ar a oiread is a bhí scrúduithe suimitheacha i réim san iar-bhunoideachas sa chomhthéacs stairiúil, agus tabhair do mheas ar a bhfuil déanta ag leasuithe measúnaithe nua-aimseartha (an tSraith Shóisearach san áireamh) chun na cleachtais mheasúnaithe a éagsúlú

NÓ

- (2) Déan scrúdú criticiúil ar fhorbairt stairiúil na bpríomhathruithe curaclaim san iar-bhunoideachas ó bunaíodh Stát na hÉireann i 1922, agus luaigh an tionchar suntasach atá acu ar an iar-bhunoideachas in Éirinn sa lá inniu.



Fad na trialach: 2 uair an chloig

Caithfidh gach iarrthóir **DHÁ** ceist a fhreagairt.
Ceist amháin as Roinn A **agus** ceist amháin as Roinn B (páipéar dhá uair an chloig)

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

(1) Tá Educate Together ina phátrún ar líonra bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna atá ag dul i méid i bPoblacht na hÉireann. Osclaíodh an chéad iar-bhunscoil de chuid Educate Together in 2014. Tá 13 iar-bhunscoil de chuid Educate Together ann faoi láthair, agus 4 cinn sa bhreis le hoscailt in 2019. De réir éiteas Educate Together, gealltar cothromas rochtana agus measa d'fhoghlaimoirí is cuma cén cúlra sóisialta, cultúrtha nó reiligiúnach atá acu. D'fhéadfaí forbairt an oideachais il-sainchreidmhigh de bharr Educate Together a fheiceáil mar fhorbairt nua in iar-bhunoideachas na hÉireann.

I bhfianaise an mhéid thuas, pléigh mar a bhfuil Educate Together ina fhorbairt dhifriúil in iar-bhunoideachas na hÉireann, nuair a chuirtear i gcomparáid é le forbairt stairiúil na scoileanna iar-bhunoideachais atá in úinéireacht na n-eaglaisí éagsúla (na hoird agus na comhthionóil reiligiúnacha san áireamh) agus a gcuid lontaobhaithe, agus á mbainistiú acu. Ba cheart duit i do fhreagra, féachaint ar an tslí ar tharla, sa chomhthéacs stairiúil, go bhfuil cion suntasach de na scoileanna iar-bhunoideachais in Éirinn faoi láthair in úinéireacht na n-eaglaisí éagsúla (na hoird agus na comhthionóil reiligiúnacha san áireamh) agus a gcuid lontaobhaithe, agus á mbainistiú acu, agus féachaint ar a thionchar sin ar chúrsaí oideachais sa lá inniu.

NÓ

(2) Rinneadh athruithe tábhachtacha éagsúla ar chóras oideachais na hÉireann ó na 1990idí i leith chun breis cuntasachta agus comhpháirtíochta a chothú i gcúrsaí oideachais, mar shampla, an tAcht Oideachais (1998), an tAcht Oideachais (Leas), (2000), An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2001), agus an Chomhairle Mhúinteoireachta (2006).

Roghnaigh tionscnamh (nó tionscnaimh) ar bith a forbraíodh ó na 1990idí i leith (is féidir roghnú as na samplaí thuas más maith leat, cé nach gá) agus déan anailís chriticiúil ar an gcaoi ar fheabhsaigh an tionscnamh (na tionscnaimh) atá roghnaithe agat an t-oideachas in Éirinn ó thaobh cuntasacht agus comhpháirtíocht bhreise a chothú i gcúrsaí oideachais. Féadfaidh tú, más maith leat, tagairt don tionchar ort féin, mar mhúinteoir, a bhí ag an tionscnamh (na tionscnaimh) atá roghnaithe agat.

Roinn B – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

(1) Faoin Acht um Oideachas Idirmheánach (Intermediate Education Act) cuireadh tús in 1878 le scrúduithe suimitheacha iar-bhunoideachais in Éirinn, agus leanadh de scrúduithe suimitheacha ó shin ag leibhéal an iar-bhunoideachais.

Déan anailís chriticiúil ar an smaoineamh gurbh iad na scrúduithe an ghné iar-bhunoideachais ba shuntasá sa chomhthéacs stairiúil agus sna leasuithe a rinneadh chun an measúnú ag leibhéal an iar-bhunoideachais a fheabhsú. Féadfaidh tú, más maith leat, trácht ar an gcaoi a rachadh aon chleachtais mheasúnaithe stairiúla, agus/nó leasuithe, i bhfeidhm ar do chleachtas féin mar mhúinteoir.

NÓ

- (2) Déan anailís chriticiúil ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an rochtain ar iar-bhunoideachas **agus/nó** maidir leis an ionchuimsiú i gcúrsaí iar-bhunoideachais i bPoblacht na hÉireann ón bhfichiú haois i leith.

Ba cheart duit i do fhreagra míniú a thabhairt ar an gcaoi a ndeachaigh an rochtain **agus/nó** an t-ionchuimsiú san iar-bhunoideachas chun cinn go stairiúil, tionchar an dul chun cinn sin a mhíniú, agus a thábhacht don iar-bhunoideachas in Éirinn inniu. Féadfaidh tú tagairt d'aon léargas atá faighte agat ó do thaithí mar mhúinteoir; más maith leat.



Fad na trialach: 2 uair an chloig

Caithfidh na hiarrthóirí **DHÁ** ceist a fhreagairt.

Ceist amháin as Roinn A **agus** ceist amháin as Roinn B (páipéar dhá uair an chloig)

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) Déan plé criticiúil ar athruithe stairiúla ar rialachas agus ar bhainistiú scoileanna in Éirinn agus ar thionchar na n-athruithe sin ar an oideachas in Éirinn inniu.

NÓ

- (2) Roghnaigh agus déan anailís chriticiúil ar aon **dá** leasú struchtúrtha nó beartais a bhí tábhachtach, dar leat, d'iar-bhunoideachas na hÉireann inniu. I do fhreagra caithfidh tú an dá leasú a ainmniú, cur síos a thabhairt ar phríomhghnéithe na leasuithe agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar a dtábhacht d'iar-bhunoideachas na hÉireann inniu.

Roinn B – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) 'Tá sé thar am an tsraith shóisearach a athrú ó bhonn, agus is athrú é a bhfuil géarghá leis,' agus faoin leasú nua 'is iad na daltaí seachas na scrúduithe a bheidh lárnach sa tsraith trí bliana'. (An tAire Oideachais, Ruairí Quinn, T.D., agus é ag labhairt in 2014).

Rinneadh athrú suntasach ar an measúnú san iar-bhunoideachas nuair a tugadh isteach an tSraith Shóisearach. Maidir leis an ráiteas thuas, déan anailís chriticiúil ar fhorbairt stairiúil an mheasúnaithe ag leibhéal an iar-bhunoideachais in Éirinn, anonn go dtí an tSraith Shóisearach atá ann faoi láthair.

NÓ

- (2) Tabhair forbairt stairiúil na bpríomhathruithe curaclaim san iar-bhunoideachas agus scrúdaigh go criticiúil iad, mar aon lena dtionchar ar an iar-bhunoideachas sa lá inniu.



Fad na trialach: 2 uair an chloig

Caithfidh na hiarrthóirí **DHÁ** cheist a fhreagairt.
Ceist amháin as Roinn A **agus** ceist amháin as Roinn B (páipéar dhá uair an chloig)

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) I láthair na huaire is iad an Rannóg Rialachais den Roinn Oideachais agus Scileanna a thacaíonn le rialachas, bainistíocht agus feidhmiú na scoileanna in Éirinn.

Déan scrúdú criticiúil ar an bhforbairt stairiúil i gcás rialachas agus bainistíocht scoileanna in Éirinn, agus ar thionchar forbairtí den sórt sin ar an oideachas sa lá inniu.

NÓ

- (2) Tá an t-athchóiriú struchtúir agus polasaí ina ghné lárnach de na forbairtí in oideachas na hÉireann ó na 1990idí i leith. Ainmnigh, agus déan anailís chriticiúil ar, athchóiriú ar bith (sna 1990idí nó ó na 1990idí i leith) a bhí ríthábhachtach, dar leat, d'fhorbairt an oideachais in Éirinn ó shin.

Roinn B – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM/NCCA) ar bhonn reachtúil in 2001. Is é sainchúram CNCM de réir mar a rianaítear in Acht Oideachais 1998, comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le nithe a bhaineann:

‘...leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d’iar-bhunscoileanna, agus leis na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus le scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam’.

Ainmnigh agus déan scrúdú criticiúil ar eochairathruithe curaclaim san iar-bhunoideachas ó bunaíodh CNCM, agus déan plé ar thionchar na n-athruithe sin ar an iar-bhunoideachas i láthair na huaire.

- (2) Pléigh an ráiteas gurb iad na scrúduithe bun agus barr an iar-bhunoideachais in Éirinn, agus déan anailís chriticiúil ar na tosca stairiúla rannpháirteacha ónar lean, b’fhéidir, an mhórhábhacht atá le scrúduithe san iar-bhunoideachas in Éirinn.



Fad ama na trialach: 2 uair an chloig

Caithfidh na hiarrthóirí DHÁ ceist a fhreagairt. Ceist amháin as Roinn A agus ceist amháin as Roinn B (páipéar dhá uair an chloig)

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

(1) I dtuarascáil den Bhord Idirmheánach Oideachais (1919) nótáladh fíor-dhrochstaid an iar-bhunoideachais in Éirinn. Luadh ann:

‘Tá an scéal go han-dona ar fad, dar linn, agus tá an chontúirt ann go mbeidh cliseadh an-tromchúiseach ar fud na tíre mura nglactar céimeanna chun feabhais láithreach ... tá cúrsaí ag éirí níos measa de réir a chéile inár scoileanna, agus is cosúil go mbeidh teip iomlán ann go luath.’

Pléigh cé chomh cruinn agus atá an ráiteas seo agus cuir san áireamh na hiarrachtaí éagsúla a rinneadh leis an gcóras iar-bhunoideachais a leasú idir na blianta 1922 - 1972.

NÓ

(2) I mí Eanáir 2017 d’fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, pleananna nua a bhfuil mar aidhm acu “níos mó scoileanna il-sainchreidmheacha agus neamh-shainchreidmheacha a chur ar fáil ar fud na tíre, de réir na roghanna a bhíonn ag teaghlaigh agus pobail scoile.”

Is iad na heaglaisí éagsúla (oird rialta agus pobail reiligiúnacha san áireamh) nó a gComhlachtaí lontaobhaithe atá ina n-úinéirí den chuid is mó de na hiarbhunscoileanna i bPoblacht na hÉireann agus a dhéanann bainistíocht orthu. Cén chaoi agus cén fáth ar tháinig an leagáid seo chun cinn agus an uailmhian réalafoch é an t-íolrachas don iar-bhunoideachas in Éirinn, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

Roinn B – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

(1) Ó go luath sna 1990idí tá próiseas leasuithe suntasacha ar bun i gcóras oideachais na hÉireann. Sainaithin agus pléigh dhá leasú ar bith a cuireadh i bhfeidhm i gcóras oideachais na hÉireann ó 1990 i leith atá suntasach, dar leat. Déan achoimre de phríomhshonraí na leasuithe seo agus tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann leo ó thaobh athruithe a chur i bhfeidhm laistigh den tírdhreach (réimse) oideachais i gcoitinne.

NÓ

(2) I mí Lúnasa 2017, d’éiligh an tOll. Philip Nolan (Cathaoirleach, Tascfhórsa na nOllscoileanna) go mbeadh leasú suntasach ann maidir leis an gcaoi ina ndéantar measúnú ar scoláirí na hArdteistiméireachta. Dúirt sé:

"Tá i bhfad níos mó den nuálaíocht agus éagsúlacht ag teastáil uainn sna modhanna measúnaithe le foghlaim scoláirí níos fearr a spreagadh "

Déan léirmheas ar na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an gcóras measúnaithe reatha ag leibhéal na hArdteistiméireachta, dar leat. I do fhreagra ba chóir duit breac-chuntas a thabhairt ar an tuairim atá agat maidir leis na leasuithe a cheapann tú atá riachtanach. Más mian leat is féidir leat díriú ar ábhar amháin nó dhá ábhar de do chuid ábhair teagaisc féin.

Fad ama na trialach: 2 uair an chloig

DHÁ ceist le freagairt ag iarrthóirí. Ceist amháin as Roinn A agus ceist amháin as Roinn B (páipéar dhá uair an chloig)

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) Déan anailís chriticiúil ar an oidhreacht stairiúil a bhaineann le rialachas agus bainistíocht na scoileanna dara leibhéal in Éirinn a bhfuil éifeacht acu ar an oideachas in Éirinn sa lá inniu. Ba cheart duit, i do fhreagra, an comhthéacs stairiúil a thabhairt, mar aon leis na dúshláin a tháinig chun cinn agus na hiarrachtaí a rinneadh dul i ngleic leis na dúshláin sin.

NÓ

- (2) In ***Cairt don Oideachas sna Blianta Romhainn – Páipéar Bán ar an Oideachas (1995)*** leagtar amach cúig bhunphrionsabal beartais: iolrachas, comhionannas, comhpháirtíocht, dea-cháilíocht agus cuntasacht. Déan trácht ar dhoiciméad beartais ar bith nó ar Acht ar bith ina dhiaidh sin a d'fhéach le cuid de na prionsabail sin, nó iad ar fad, a chuimsiú. Ba cheart duit, i do fhreagra, an doiciméad beartais nó an tAcht a roghnaíonn tú a ainmniú, cur síos a thabhairt ar aidhmeanna an doiciméid beartais/ an Achta, agus a thionchar ar an oideachas in Éirinn a mheas go criticiúil.

Roinn B – Freagair (1) nó (2)

- (1) Dúirt Donncha Ó Máille (An tAire Oideachais, 1966-1968):

'Is ar a bhfuil déanta againn ar son leanaí ár linne a bhreithneofar muid sna glúnta amach anseo'.

Déan anailís chriticiúil ar an tslí a d'fhorbair an t-oideachas dara leibhéal in Éirinn ó tugadh oideachas iar-bhunscoile saor in aisce isteach sa bhliain 1967, agus ar an tábhacht a bhí leis na céimeanna forbartha sin don oideachas sa lá inniu.

NÓ

- (2) Faoi Creat don tSraith Shóisearach (2015) *'laghdaítear an fócas ar aon scrúdú amháin ina ndéantar an measúnú go seachtrach mar bhealach chun scoláirí a mheas agus méadaítear an suntas a thugtar don mheasúnú rangbhunaithe agus don mheasúnú foirmitheach'*. Déan anailís chriticiúil ar shuntas stairiúil an chuir chuige nua sin don mheasúnú san oideachas dara leibhéal in Éirinn. Féadfaidh tú i do fhreagra díriú ar ábhar teagaisc amháin atá agat, nó níos mó, más maith leat.